Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16240/26
ADD 1

EF 304
ECOFIN 1513
DELACT 178

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7817 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) …./… ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7817 annex.

Faoi iamh: C(2026) 7817 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2026
C(2026) 7817 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Rialachán Tarmligthe (AE) …./… ón gCoimisiún

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 mar a leanas:

(1) i Roinn A, pointe (9), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Bunóidh gníomhaireacht rátála creidmheasa feidhm athbhreithnithe a bheidh freagrach as athbhreithniú agus bailíochtú tréimhsiúil a dhéanamh ar na modheolaíochtaí, samhlacha agus príomh-bhoinn tuisceana amhail boinn tuisceana matamaiticiúla agus comhghaoil, agus aon athrú suntasach nó modhnú orthu sin chomh maith le hoiriúnacht na modheolaíochtaí, na samhlacha agus na príomh-bhoinn tuisceana i gcás go mbaintear úsáid astu, nó go bhfuil sé beartaithe go mbainfí úsáid astu, chun measúnú a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais nua.

(2) leasaítear Roinn D mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2a):

‘2a. Cuirfidh gníomhaireacht rátála creidmheasa treoraíocht ar fáil nuair a nochtfaidh sí modheolaíochtaí rátála, samhlacha rátála agus príomh-bhoinn tuisceana rátála. Míneofar sa treoraíocht sin na toimhdí, na paraiméadair, na teorainneacha agus na neamhchinnteachtaí a bhaineann leis na samhlacha agus na modheolaíochtaí rátála a úsáidtear i rátálacha creidmheasa, lena n-áirítear an méid uile seo a leanas:

(a) ionsamhlúcháin ar chásanna struis a rinne an ghníomhaireacht rátála creidmheasa agus na rátálacha creidmheasa á mbunú aici;

(b) faisnéis rátála creidmheasa ar anailís sreafa airgid atá déanta ag an ngníomhaireacht rátála creidmheasa nó a bhfuil sí ag brath uirthi;

(c) próiseas bailíochtaithe mhodheolaíochtaí na gníomhaireachta rátála creidmheasa; agus

(d) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar aon athrú a bhfuiltear ag coinne leis sa rátáil chreidmheasa.

Beidh an treoraíocht sin soiléir agus éasca le tuiscint.’

(B) cuirtear isteach an pointe (5a) seo a leanas:

‘5a. Nuair atá breithnithe CSR ina bpríomhghnéithe is bun le rátáil chreidmheasa nó le hionchas rátála, nó le hathrú uirthi, déanfaidh gníomhaireacht rátála creidmheasa na príomhghnéithe sin a shainaithint go feiceálach ina preaseisiúintí nó ina tuarascálacha, agus míneoidh sí cén fáth ar measadh go raibh siad ábhartha don rátáil chreidmheasa nó don ionchas rátála i gcomhréir leis an modheolaíocht is infheidhme.’.